

An tionchar a bhíonn ag na meáin chumarsáide orainn

Ceacht 7



Déan cur síos ar cad is brí le ‘háitiú’ (rud a chur ina luí ar dhuine) agus conas a oibríonn sé sin

Cuspóir Foghlama

Ba cheart go mbeadh na leanaí in ann a mhíniú cad is brí le ‘háitiú’ (rud a chur ina luí ar dhuine) agus conas a oibríonn sé sin.

Toradh Foghlama

A thuiscint gurb é is brí le háitiú ná a chur ina luí ar dhuine gur cheart dóibh rud éigin a smaoineamh nó a dhéanamh.

Nótaí an Mhúinteora

Táimid timpeallaithe ag meáin éagsúla, agus bíonn an-tionchar acu orainn. Tá sé tábhachtach a mheabhú go bhfuil formhór na meán cumarsáide mórtimpeall orainn ag iarraidh rud éigin a dhíol linn. Mar shampla, d’fhéadfadh fógra muid a chur ag gáire nó scéal maith a insint dúinn, ach tá sé ag iarraidh a chur ina luí orainn rud éigin a cheannach nó a dhéanamh ar deireadh thiar thall.

Acmhainní

- Fógraí ó shuíomh gréasáin MediaWise
- Scéal – Breithlá Tommy
- An Físeán *An Tionchar a Bhíonn ag na Meáin Chumarsáide Orainn*

Modheolaíocht

- Caint agus plé – Cad é an teachtaireacht?
- Comharfhoghlaim – An Cluiche ‘Áitigh Orm’
- Scileanna trí mheán an ábhair – Am Scéalaíochta, An Físeán *An Tionchar a Bhíonn ag na Meáin Chumarsáide Orainn*

An tionchar a bhíonn ag na meáin chumarsáide orainn

Ceacht 7



Cur Chuige

Céim 1: An Cluiche ‘Áitigh Orm’

- Déan suirbhé i measc na leanaí chun a fháil amach cén gránach bricfeasta, cad iad na milseáin nó cén spóirt is fearr leo. Breac síos na torthaí (agus cruthaigh graf simplí más féidir chun na torthaí a léiriú).
- Ag úsáid na dtorthaí iarr ar na leanaí na gránaigh bhricfeasta, na milseáin agus na spóirt is mó éileamh a ainmniú; na gránaigh bhricfeasta, na milseáin agus na spóirt is lú éileamh a ainmniú; agus cá mhéad duine a dtaitníonn gránach bricfeasta, milseáin nó spóirt leo?
- Roghnaigh na trí thoradh is mó éileamh agus roinn an rang i dtrí fhoireann. Féadfaidh an múinteoir suí i lár an tseomra mar dhuine neodrach.
- Is gá do gach foireann a chur ina luí ar an múinteoir gurb é a ngránach bricfeasta, a milseáin nó a spóirt an ceann is fearr.
- D’fhéadfadh an múinteoir an próiseas sin a mhacasamhlú, chun na foirne a spreagadh.
- Féadfaidh an múinteoir noda a thabhairt do na leanaí le linn na gníomhaíochta.
- Agus an t-aiseolas á thabhairt, fiafraigh de na leanaí cad iad na bealaí is fearr rud éigin a chur ina luí ar dhuine. Breac síos na moltaí.

Céim 2: Am Scéalaíochta

- Inis do na leanaí gurb é is brí le háitiú ar dhuine ná a chur ina luí orthu rud éigin a smaoineamh nó a dhéanamh.
- Abair leis an leanaí go bhfuil tú chun scéal a insint dóibh faoi bhreithlá Tommy.

Breithlá Tommy

Breithlá Tommy a bhí ann. Dúirt Mamaí go bhféadfadh sé cuireadh a thabhairt dá chairde freastal ar a bhreithlá. Bhí a lán cairde ag Tommy. D’iarr sé orthu cén sórt cóisire is fearr. Theastaigh ó Mary go mbeadh cóisir foghlaí mara aige. Theastaigh ó Valentina go mbeadh cóisir bhanphrionsa aige. Theastaigh ó Harry go mbeadh cóisir iománaíochta aige. Theastaigh ó Jamie go mbeadh cóisir faoin fharraige aige. Theastaigh ó gach duine de chairde Tommy a chur ina luí air gurb acu siúd a bhí an smaoineamh is fearr. Mhínigh Mary go bhféadfadh gach duine éadaí bréige foghlaí mara a chur orthu agus a chur i gcéill gur long é seomra suí Tommy. Mhínigh Valentina go bhféadfadh Tommy a bheith ina phrionsa agus teacht i gcabhair ar an mbanphrionsa. Mhol Harry go bhféadfadh Tommy cuireadh a thabhairt dá fhoireann iomaíochta go léir agus go bhféadfaidís fanacht lasmuigh agus iománaíocht a imirt ar feadh an lae. Mhol Jamie go bhféadfadh gach duine éadaí bréige a chaitheamh mar éisc nó ochtapas nó siorcanna, agus go bhféadfaidís a chur i gcéill go raibh siad ina gcónaí faoin fharraige. Ní raibh Tommy cinnte cén sórt cóisire a bheadh aige. Bhí smaointe maithe ag a chairde go léir.

- Fiafraigh de na leanaí cén fáth a raibh cóisir ag Tommy.
- Fiafraigh de na leanaí cad iad na téamaí éagsúla a mhol a chairde?
- Cén téama is fearr, dar leo, agus cén fáth?
- Mínigh dóibh go raibh gach duine de chairde Tommy ag iarraidh rud éigin a chur ina luí air.
- Mínigh dóibh gur theastaigh ó gach cara go roghnódh Tommy an téama acusan, ach ar deireadh thiar gurb é Tommy féin a roghnódh cén cineál cóisire a theastaigh uaidh.
- Fiafraigh de na leanaí cén chóisir is dóigh leo a roghnaigh Tommy ar deireadh thiar?

An tionchar a bhíonn ag na meáin chumarsáide orainn

Ceacht 7



Cur Chuige ar lean

Céim 3: Cad é an teachtaireacht?

- Mar ghníomhaíocht ranga breathnaigh ar na fógraí ó shuíomh gréasáin MediaWise, www.MediaWise.ie
- Tar éis gach fógra, fiafraigh de na leanaí an bhfuil an fógra ag cur ina luí orainn rud éigin a smaoineamh nó a dhéanamh?
- Fiafraigh de na leanaí cad é atá á chur ina luí ag an bhfógra orainn a smaoineamh nó a dhéanamh.
- Iarr ar na leanaí an dóigh leo gur chóir dóibh rud éigin a mhothú nó a dhéanamh díreach toisc go ndúirt fógra leo é a dhéanamh.
- Fiafraigh de na leanaí ar cuireadh ina luí orthu riamh rud éigin a dhéanamh nó a mhothú mar go bhfaca siad i bhfógra é.
- Míneigh do na leanaí gur chóir dóibh a gcinntí féin a dhéanamh faoi cad is cóir a mhachnamh nó a dhéanamh.
- Míneigh do na leanaí go ndéanfaidh fógraíocht iarracht a chur ina luí orainn a lán rudaí a dhéanamh ach go bhfuil sé tábhachtach ár gcinntí féin a dhéanamh ar deireadh thiar thall.

Céim 4: An Físeán An Tionchar a Bhíonn ag na Meáin Chumarsáide Orainn

- Inis do na leanaí go bhfuil siad chun breathnú ar fhíseán gearr faoi na meáin chumarsáide.
- Seinn an físeán *An Tionchar a Bhíonn ag na Meáin Chumarsáide Orainn* atá ar shuíomh gréasáin MediaWise, www.MediaWise.ie
- Tar éis an fhíseáin, iarr ar na leanaí an cuimhin leo aon rud faoi na meáin ó thaobh cad a theastaíonn uathu go ndéanfaimis.
- Míneigh do na leanaí go leanfaidh siad orthu ag foghlaim faoi na meáin, ach idir an dá linn gur chóir dóibh a bheith ag faire amach do nithe sna meáin atá ag iarraidh rud éigin a chur ina luí orainn a dhéanamh nó a mhachnamh.



Físeán